# Central Statistics Office
**An Phríomh-Oifig Staidrimh**

# Press Statement
**Preas Ráiteas**

## Daonáireamh 2002 – Imleabhar 5 - Príomhstádas Eacnamaíoch agus Tionscail

**Bhí an ráta dífhostaíochta b'airde sa bhliain 2002 i gCarn Domhnach**

Bhí an ráta b'airde dífhostaíochta i measc bailte sa bhliain 2002 i gCarn Domhnach i gCo Dhún na nGall, le duine as gach cúigear sa lucht oibre dífhostaithe, a deir tuairisc nua ón bPríomhOifig Staidrimh. Ina dhiaidh sin bhí Inis Córthaidh, Carraig na Siúire, Baile na Lorgan agus Dún Dealgán, le ráta dífhostaíochta de 19%. Rinneadh an ráta iomlán dífhostaíochta* a mheas bunaithe ar fhreagraí a tugadh ar an bpríomhcheist a bhain le príomhstádas eacnamaíoch i nDaonáireamh 2002 agus b'é 8.8% go náisiúnta an ráta sin. Go ginearálta, bhí an dífhostaíocht níos airde i gceantair uirbeacha (9.5%) ná mar a bhí sé i gceantair tuaithe (7.9%).

Tá an t-eolas seo ar fáil i nDaonáireamh 2002 Imleabhar 5 – PríomhStádas Eacnamaíoch agus Tionscail, a thugann tuilleadh sonraí maidir leis an daonáireamh a tógadh ar an 28 Aibreán 2002. Tugann an tuairisc seo na figiúirí deireanacha daonra rangaithe de réir na rannóga seo a leanas: stádas eacnamaíoch, rannóg tionscail, stádas fostaíochta agus uaireanta oibre déanta do mhion chríochranna sa tír (féach nóta an Eagarthóra).

** Ag 4.2% a bhí an ráta oifigiúil dífhostaíochta don Stát sa dara cheathrú den bhliain 2002 mar a thomhais an tSuirbhé Náisiúnta Ráithiúil Líonta Tí ag baint úsáide as critéir EIS.*

**Rannpháirtíocht b'airde sa lucht oibre san Oirthear**

Bhí beagnach 60% de dhaoine a bhí 5 bhliana déag d'aois agus ós a chionn, a bhí ina gcónaí i gceantair uirbeacha, sa lucht oibre san Aibreán 2002 i gcomparáid le 56% do na ceantair tuaithe. Bhí an céatadán b'airde daoine páirteach sa lucht oibre sa bhliain 2002 i mbailte atá lonnaithe i Mórcheantar Átha Cliath. Bhí an ráta rannpháirtíochta sa lucht oibre ag an leibhéal b'airde i Sord (71%) le Nás na Ríogh, Cill Droichid agus an Uaimh ina dhiaidh sin (68%).

Bhain na rátaí arda rannpháirtíochta sa lucht oibre i mbailte i Mórcheantar Átha Cliath le fir agus le mná. Bhí an rannpháirtíocht b'airde baineann sa lucht oibre i Sord (61%) freisin leis an Uaimh, Cill Droichid agus Nás na Ríogh ina dhiaidh (57%), i gcomparáid le ráta iomlán náisiúnta de 47%.

**Oibrí amháin i ngach cúigear i gCill Airne ag obair i dtionscal na n-óstán**

Bhí oibrí amháin i ngach cúigear oibrí i gCill Airne fostaithe i dtionscal na n-óstán sa bhliain 2002. Ina dhiaidh sin tháinig Cill Chainnigh agus Cathair na Gaillimhe (9%), ag leibhéal an Stáit b'é 5% a bhí i gceist.

Bhí an céatadán b'airde oibrithe fostaithe i dtionscail na déantúsaíochta i gCathair Phort Láirge. Ina dhiaidh sin a tháinig Carraig Uí Leighin (25%), Cluain Meala (23%) agus Ceatharlach (21%). 15% an céatadán a bhí i gceist ag leibhéal an Stáit.

Tuilleadh /...

*Information Section*
*Central Statistics Office, Skehard Road, Cork*

Tel 021 453 5000
01 498 4000
Fax 021 453 5555
Website http://www.cso.ie
LoCall 1890 313 414
Email info@cso.ie

*Roinn Eolas*
*An Phríomh-Oifig Staidrimh, Bóthar na Sceiche Airde, Corcaigh*

Teil 021 453 5000
01 498 4000
Faics 021 453 5555
An Domhan http://www.cso.ie
GlaoÁitúil 1890 313 414
Ríomhphost info@cso.ie

**Bhí an céatadán b’airde fostóirí/daoine féinfhostaithe sa Daingean**

Ba fhostóirí nó daoine féinfhostaithe a bhí i mbreis agus ceathrú de na daoine fostaithe sa Daingean i gcomparáid le meán de 17% don Stát. I gCarn Domhnach agus i gCionn tSáile b’iad fostóirí agus daoine féinfhostaithe iad 23% de na hoibrithe. Ba fhostaithe iad 88% de na daoine fostaithe i gceantair uirbeacha i gcomparáid le 74% i gceantair tuaithe.

**Nóta an Eagarthóra**

Tá achoimre ar fáil san fhoilseachán *Daonáireamh 2002 – Príomhthorthaí Socheacnamaíocha*, a foilsíodh ar an 15 Deireadh Fómhair 2003, ag leibhéal an Stáit ar shonraí ó Imleabhair 5 - 7, 9 - 10 agus 13 de na tuairiscí miona daonáirimh. Tá figiúirí ar fáil i bhfoilseachán an lae inniu, Imleabhar 5, don stádas eacnamaíoch agus tionscail ag mion leibhéal geografach.

Tá na táblaí foilsithe atá ar fáil ó Dhaonáireamh 2002 curtha ar fáil ar shuíomh idirlín na POS (www.cso.ie). Tá táblaí a bhaineann leis na leibhéil seo a leanas ar fáil ar an suíomh idirlín amháin – Toghcheantar, Toghcheantar Áitiúil agus baile beag.

**Is féidir cóipeanna den fhoilseachán a fháil ach teagmháil a dhéanamh le:**

Príomhoifig Staidrimh, Rannóg an Eolais, Bóthar Skehard, Corcaigh

nó

Oifig Dhíolacháin Foilseachán an Rialtais, Teach Sun Alliance, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2

Praghas: €15.

Is féidir cóipeanna a íoschóipeáil freisin ó shuíomh idirlín an POS (féach thíos).

**Tá tuilleadh eolais ar fáil ó:**

An Phríomhoifig Staidrimh, Bóthar Átha Fhirdhia, Rath Maonais, Baile Átha Cliath 6

Fiosrúcháin daonáirimh: (01) 498 4000 folíne 4284-4288
Facs: (01) 497 2360
Ríomh-phost: census@cso.ie
Idirlíon: http://www.cso.ie

*An Phríomhoifig Staidrimh* *20ú Samhain 2003*

**– CRÍOCH–**